



Imlitir Uimh. 0017/2015

SCÉIM UM MHALARTÚ MÚINTEORA DO MHÚINTEOIRÍ CLÁRAITHE I mBUNSCOILEANNA AITHEANTA

1. Réamheolas

1.1 Tá an scéim um mhalartú múinteora ceaptha chun éascú do mhúinteoirí bunscoile a bpoist a mhalartú go sealadach chun críocha oideachais.

2. Fad an Mhalartaithe Mhúinteora

2.1 Bliain amháin an tréimhse is lú agus cúig bliana an tréimhse is faide a leanann an malartú ar aghaidh. Iarrtar ar mhúinteoirí a thabhairt dá n-aire áfach, go bhfuil éilimh ar rannpháirtú i socruithe chun malartú a dhéanamh ag brath ar iarratais bhliantúla (féach Nósanna Imeachta Iarratais uimh. 4 thíos).

2.2 Féadann múinteoir gabháil do shocrú malartaithe amháin thar tréimhse cúig bliana nó féadann sé/sí páirt a ghlacadh ag eatraimh d'fhaid éagsúla, i socruithe ar leith, faoi réir gan an múinteoir a bheith ag rannpháirtú i socruithe malartaithe ar feadh breis is cúig bliana san iomlán.

3. Incháilitheacht

3.1 Tá an scéim ar fáil do mhúinteoirí bunscoile atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta, a bhfuil a bpromhadh críochnaithe acu agus ar mian leo a bpoist a mhalartú.

- I gcásanna eisceachtúla, má tá promhadh i suíomh oideachais speisialta críochnaithe ag múinteoir agus má tá sé/sí ag iarraidh tabhairt faoi phromhadh i suíomh príomhshrutha, féadfaidh sé/sí cur isteach ar mhalartú faoi na coinníollacha a leagtar amach san imlitir seo.

3.2 Ní cháilíonn múinteoirí atá ar phainéil ath-implonaithe chun páirt a ghlacadh i scéimeanna um mhalartú múinteora.

4. Nósanna Imeachta Iarratais

4.1 Is faoi na múinteoirí féin atá sé comhghleacaithe a aimsiú ar mhaith leo socrú malartaithe a dhéanamh leo.

4.2 Iarrtar ar mhúinteoirí ar mhaith leo a bheith rannpháirteach i scéim um mhalartú múinteora an “Fhoirm Iarratais do Mhalartú Múinteora” a chur isteach chuig a bhfostóir

a luaithe agus is féidir agus go cinnte ní déanaí ná an 1ú Márta. Ní mór iarratais ar mhalartú múinteora a dhéanamh ar bhonn bliantúil. Má tá gá le síneadh bliana breise ní mór do mhúinteoirí iarratas a dhéanamh chuig an bhfostóir ar fhoirm iarratais oifigiúil roimh an 1ú Márta den bhliain **ina dhiaidh**.

4.3 Beidh de rogha ag fostóir múinteoir a bhfuil i gceist aige/aici a bheith rannpháirteach i socrú malartaithe a chur faoi agallamh.

5. Scéim um mhalartú múinteora a fhaomhadh

5.1 Ní mór don bhfostóir na hiarratais ar mhalartú múinteora a phróiseáil le linn mí an Mhárta. Cuirfidh an Bord/na Boird cinneadh in iúl i scríbhinn chuig an mbeirt mhúinteoirí roimh an 1ú Aibreán. Ní mór d'fhostóir/d'fhostóirí na hiarratais uile a chur isteach chuig an Roinn roimh an 10ú Aibreán.

5.2 Ní bhfaighidh fostóir(i) aon scéala ón Roinn ach amháin má tá fadhb ann maidir le hincháilitheacht iarrthóirí.

6. Foirm Comhaontaithe a Shíniú

6.1 Measfar fostóir na scoile ina bhfuil an múinteoir ag fónamh le linn tréimhse an mhalartaithe a bheith mar fhostóir ag an múinteoir agus beidh ar an múinteoir Foirm Comhaontaithe a shíniú leis an bhfostóir seo.

7. Foirceannadh malartú múinteora le linn na scoilbhliana

7.1 Ní féidir le múinteoir malartú a fhoirceannadh le linn na scoilbhliana ach amháin trí éirí as a p(h)ost. Má éiríonn múinteoir as a p(h)ost beidh cead ag an bhfostóir múinteoir sealadach a cheapadh don chuid eile den scoilbhliain.

8. Seasamh maidir le poist freagrachta le linn do mhúinteoirí a bheith ar mhalartú múinteora

8.1 Ní mór do mhúinteoir a dhéanann iarratas ar mhalartú múinteora scaradh lena p(h)ost freagrachta ar feadh tréimhse na scéime malartaithe. Tá an post atá fágtha ag múinteoir faoi réir na dtéarmaí atá leagtha amach in Imlitreacha na Roinne.

8.2 Féadann múinteoirí atá i mbun malartú múinteora iarratas a chur isteach ar phoist fhreagrachta a thagann chun cinn ina n-iarscoileanna le linn dóibh a bheith i mbun an mhalartaithe ach níl siad incháilithe chun iarratas a chur isteach ar phoist sa scoil ina bhfuil siad ar mhalartú. Má éiríonn le múinteoir post freagrachta a fháil ceaptar é/í faoi réir gá a bheith leis an bpost i gcónaí agus faoi réir na dtéarmaí de réir mar a ordaítear in Imlitreacha na Roinne ó am go chéile.

9. Sinsearach

9.1 Ní chuirfidh rannpháirtíocht i scéim um mhalartú múinteora isteach ar shinsearach mhúinteora ina scoil féin.

Alfie Barrett
Téarmaí & Coinníollacha do Mhúinteoirí/Cúntóirí Riachtanais Speisialta
28 Feabhra 2015